C/2024/4059

12.7.2024

**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

**Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT)**

(COM(2023) 532 final – 2023/0321 (CNS))

**Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le praghsáil aistrithe**

(COM(2023) 529 final – 2023/0322 (CNS))

(C/2024/4059)

Rapóirtéir: **Petru Sorin DANDEA**

| | |
|---|---|
| Comhairliúchán | Comhairle an Aontais Eorpaigh, 14.11.2023 agus 30.11.2023 |
| Bunús dlí | Airteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| An rannóg atá freagrach | Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta |
| Dáta a glactha sa rannóg | 10.4.2024 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 24.4.2024 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 587 |
| Toradh na vótála<br>(ar son/in aghaidh/staonadh) | 179/0/4 |

## 1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Molann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún creat comhchoiteann don cháin chorparáide a fhorbairt chun tacú le comhdhlúthú an mhargaidh inmheánaigh.

1.2. Tugann CESE dá aire nár thángthas ar chomhdhearcadh polaitiúil sa Chomhairle i ndáil leis an togra ón gCoimisiún maidir le comhbhonn comhdhlúite don cháin chorparáide (CCCTB, 2011) ná lena chómhaith de thogra maidir le comhbhonn don cháin chorparáide (CCTB, 2016). Is dhá thogra iad sin atá dírithe ar chomhbhonn cánach a thabhairt chun cinn ar fud an Aontais. Cuireadh na nithe sin san áireamh, ó thaobh na polaitíochta agus ón taobh teicniúil de araon, agus togra reachtach BEFIT á chur síos.

1.3. Tacaíonn CESE leis an gcinneadh ón gCoimisiún BEFIT a mholadh trí bhíthin treoir ón Aontas Eorpach, ós rud é gur ilroinnt agus neamhréireachtaí a thagann as lear mór rialacha náisiúnta éagsúla a bheith i bhfeidhm, mar atá faoi láthair. Is amhlaidh a chuireann sin bac ar chuideachtaí gníomhaíochtaí trasteorann a dhéanamh ar fud an mhargaidh inmheánaigh i ngeall ar na costais arda nach foláir dóibh a ghlanadh chun creataí dlíthiúla éagsúla a chomhlíonadh.

1.4. Tugann CESE dá aire, de bhun Airteagal 48(2) de thogra BEFIT, go mbeidh na Ballstáit i dteideal méaduithe ar a mbonn cánach, asbhaintí cánach nó dreasachtaí cánach a chur leis na codanna a leithdháiltear orthu. Siúd is go n-aithníonn CESE a thairbhí atá sé scóip ionramhála a thabhairt do na Ballstáit ina leith sin, d'fhéadfadh an tsolúbthacht atá molta constaic a chur sa bhealach ar cheann de chuspóirí an Choimisiúin, mar atá na costais chomhlíontachta a chuirtear ar chuideachtaí a laghdú.

1.5. Aontaíonn CESE leis an gCoimisiún go bhféadfadh an comhaontú maidir le Colún a Dó rannchuidiú le creat dlíthiúil comhchoiteann an Aontais maidir le cánachas corparáideach a bhaint amach. D'fhonn BEFIT a shimpliú agus na costais lena mbaineann a laghdú, tá CESE den tuairim gur cheart an creat a chur i gcomhréir le rialacha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) le haghaidh Cholún a Dó.

1.6. Cé go bhfuil coigeartuithe BEFIT ar na cuntais airgeadais níos teoranta ná a bhfuil de choigeartuithe i gColún a Dó, tugann CESE faoi deara nach ann do rialacha speisialta ná do dhreasachtaí speisialta le haghaidh gníomhaíochtaí nuálaíochta ná tionscail shonracha. Cuir i gcás, ní léir go fóill an gcoinneofar na scéimeanna nuálaíochta agus na ticbhoscaí paitinní a bhíonn á gcur ar fáil ag cuid de na Ballstáit.

1.7. Má táthar le caillteanais trasteorann i ngrúpa BEFIT a fhritháireamh, creideann CESE go mbeidh soiléiriú ag teastáil i leith (i) srianta ama maidir le caillteanais a thabhairt ar aghaidh nó a thabhairt siar agus (ii) cómhaireachtáil le Colún a Dó. Trí chomhiomlánú, ceadófar le BEFIT caillteanais trasteorann i mBallstát amháin a fhritháireamh in aghaidh brabús i mBallstát eile, ach d'fhéadfadh sé sin teacht salach ar cháin bhreisiúcháin faoi Cholún a Dó atá dírithe ar chánachas íosta éifeachtach 15 % a áirithiú.

1.8. Maidir le próiseáil sonraí a bhaineann le creat BEFIT, is é moladh CESE gur i gcomhréir le prionsabal an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ([1]) i leith 'íoslaghdú sonraí' a dhéanfar í, i.e. go ndéanfar bailiú na faisnéise pearsanta a theorannú dá bhfuil ábhartha agus riachtanach chun cuspóirí sonracha thogra BEFIT a chur i gcrích, agus nach ndéanfar na sonraí a choinneáil ach amháin ar feadh na tréimhse is lú is gá chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh.

1.9. Tá CESE ar cóimheon leis an gCoimisiún gur gá coincheapa agus saincheisteanna éagsúla a bhaineann leis an reachtaíocht maidir le praghsáil aistrithe a thabhairt chun soiléire, ó ba chuidiú é sin chun an creat dlíthiúil a dhéanamh ní ba chinnte agus ní b'intuartha. Ar an gcuma sin, d'fhéadfaí na costais chomhlíontachta a chuirtear ar FBManna ina ngníomhaíochtaí laethúla a laghdú agus d'fhéadfaí na costais nós imeachta agus dlíthíochta a chuirtear orthu a laghdú freisin.

1.10. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhféadfaí cuid de chuspóirí an togra ón gCoimisiún a bhaint amach anuas air sin, b'fhéidir, dá mbeadh feabhas curtha ar an Treoir maidir le sásraí um réiteach díospóidí cánach. Ní fios fós conas a dhéileálfaidh tríú tíortha móra eile le cur chuige nua an Aontais i leith na rialacha maidir le praghsáil aistrithe. Ina theannta sin, creideann CESE go mba chuidiú é an Fóram Comhpháirteach maidir le Praghsáil Aistrithe a bhunú athuair d'fhonn plé a dhéanamh ar conas is féidir díospóidí maidir le praghsáil aistrithe a réiteach laistigh den Aontas ar an mbealach is fearr.

1.11. Cuireann CESE chun suntais a thábhachtaí atá sé measúnú cúramach a dhéanamh ar na costais chomhlíontachta agus na hualaí riaracháin a chuirtear ar chuideachtaí a bhfuil suim acu i dtogra BEFIT ionas go dtuigfear cá tairbhe do ghnólachtaí ar fud na hEorpa i ndáiríre an creat nua seo. Is cosúil go bhfuil na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht BEFIT spriocdhírithe i ndáil leis sin (cur chun feidhme BEFIT agus na costais oibriúcháin tosaigh a bhaineann leis, líon na ngrúpaí cuideachtaí a thagann faoi raon feidhme éigeantach an togra, líon na gcuideachtaí a roghnaíonn a bheith páirteach ann dá ndeoin féin, éabhlóid na gcostas comhlíontachta agus líon na ndíospóidí cánachais dhúbailte).

1.12. Tugann CESE dá aire go measann an Coimisiún go bhfuil BEFIT 'ábhartha [freisin] ó thaobh acmhainní dílse de, mar a leagtar amach i dTeachtaireacht 2021 maidir leis an gcéad ghlúin eile d'acmhainní dílse le haghaidh bhuiséad an Aontais'. Mar sin féin, mar gheall ar an bpróiseas reachtach fada agus éiginnte atá le cur de ag togra BEFIT, is deacair a mheas cá mhéad acmhainn a bheidh ar fáil le haghaidh chaibidlí na n-acmhainní dílse, agus cén uair a chuirfear na hacmhainní breise sin ar fáil.

1.13. Chun comhordú iomchuí a áirithiú idir BEFIT agus na rialacha sonracha náisiúnta cánach is infheidhme i gcuid de na Ballstáit maidir le heintitis an gheilleagair shóisialta, cuir i gcás comharchumainn agus fiontair shóisialta, tá CESE ag iarraidh go n-aithneodh BEFIT gur ann do rialacha fioscacha tiomnaithe den sórt sin.

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

## 2. An togra ón gCoimisiún agus an comhthéacs

2.1. Sa togra ón gCoimisiún *Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT)* pléitear sraith aonair rialacha nua chun bonn cánach grúpaí cuideachtaí a chinneadh, agus dírítear ar chostais comhlíonta cánach a laghdú do ghnólachtaí móra a oibríonn thar theorainneacha, rud a fhágann gur fusa do na húdaráis náisiúnta a chinneadh cé na cánacha atá dlite.

2.2. Gabhann an togra ón gCoimisiún ionad an dá thogra a bhí ann roimhe, mar atá an togra maidir le comhbhonn don cháin chorparáide (CCTB, 2011) agus a chómhaith de thogra maidir le comhbhonn comhdhlúite don cháin chorparáide (CCCTB, 2016), ós amhlaidh a tarraingíodh siar na tograí sin toisc a laghad comhdhearcadh polaitiúil a bhí ann ina dtaobh. Cuireann an creat nua leis an taithí a fuarthas roimhe seo ó CCCTB, le comhaontú cánach idirnáisiúnta ECFE/G20 maidir leis an íosleibhéal domhanda cánachais, agus le Treoir Cholún a Dó a glacadh ag deireadh 2022.

2.3. Ó thaobh raon feidhme de, beidh na rialacha nua éigeantach le haghaidh grúpaí a oibríonn san Aontas agus a bhfuil ioncam comhcheangailte bliantúil EUR 750 milliún ar a laghad acu, i gcás ina bhfuil ag an máthaireintiteas deiridh 75 % ar a laghad de na cearta úinéireachta nó de na cearta lena dtugtar teidlíocht chun brabúis. Comhlíonfaidh comhalta de ghrúpa BEFIT na tairseacha sin gan bhriseadh, i rith na bliana fioscaí. Is féidir le grúpaí is lú ná sin – mar shampla grúpaí FBManna a oibríonn thar theorainneacha – roghnú a bheith páirteach, ar choinníoll go n-ullmhaíonn siad ráitis airgeadais chomhdhlúite.

2.4. Go sonrach, áireofar sa togra ón gCoimisiún rialacha comhchoiteanna chun an bonn cánach a ríomh ar leibhéal an eintitis. Cinnfidh na cuideachtaí ar fad atá ina gcomhaltaí den ghrúpa céanna a mbonn cánach de réir comhshraith coigeartuithe cánach ar a ráitis cuntasaíochta airgeadais.

2.5. Beidh sé ríthábhachtach an bonn cánach a chomhiomlánú ar leibhéal an ghrúpa san Aontas ar mhaithe le feidhmiú an chreata nua. Déanfar boinn chánach chomhaltaí uile an ghrúpa a chomhiomlánú laistigh d'aon bhonn cánach amháin. Fágann sé sin gur féidir faoiseamh caillteanais trasteorann a thabhairt, ós rud é go ndéanfar na caillteanais a fhritháireamh go huathoibríoch in aghaidh brabúis thar theorainneacha. Is annamh is féidir an faoiseamh sin a thabhairt faoi láthair agus, rud eile de, d'fhéadfadh sé go ngearrfaí ró-cháin ar bhrabús an ghrúpa dá ndéanfaí amhlaidh, rud a chuirfeadh gnólachtaí ó bheith ag oibriú thar theorainneacha sa mhargadh inmheánach.

2.6. Leithdháilfear an bonn cánach comhiomlánaithe ansin bunaithe ar riail maidir le leithdháileadh idirthréimhseach, lena n-úsáidtear céatadán gach comhalta de ghrúpa BEFIT den bhonn cánach comhiomlánaithe arna ríomh mar mheán na dtorthaí inchánach sna trí bliana fhioscacha roimhe sin. Leis an riail maidir le leithdháileadh idirthréimhseach, d'fhéadfaí an bealach a réiteach le haghaidh modh leithdháilte buan a d'fhéadfaí a bhunú ar chionroinnt de réir foirmle, agus tosca substainteacha in úsáid.

2.7. I gCaibidil II áirítear ar bhealach níos mionsonraithe na rialacha chun réamhthoradh cánach gach comhalta de ghrúpa BEFIT a chinneadh, trí na rialacha a chur i bhfeidhm atá leagtha amach i Roinn 2 maidir le 'coigeartuithe ar an nglanioncam nó glanchaillteanas cuntasaíochta airgeadais', i Roinn 3 maidir le 'dímheas' agus i Roinn 4 maidir le 'huainiú agus cainníochtú'.

2.8. Ón taobh eagraíochtúil de, de bhun na bhforálacha atá leagtha síos i gCaibidil V, fágfaidh ionad ilfhreastail hibrideach gur féidir le comhalta grúpa amháin tuairisceáin faisnéise an ghrúpa sin a líonadh isteach le húdarás fioscach Ballstát amháin. Is é sin le rá, déanfaidh an 't-eintiteas is comhdaitheoir', arb é an máthaireintiteas deiridh i bprionsabal é, tuairisceán faisnéise amháin a chomhdú le haghaidh ghrúpa BEFIT ina iomláine ('Tuairisceán Faisnéise BEFIT') lena údarás fioscach féin amháin (an 't-údarás comhdaithe'). Ansin roinnfidh an t-údarás comhdaithe an fhaisnéis ábhartha go léir leis na Ballstáit eile ina n-oibríonn an grúpa.

2.9. Is ar an leibhéal náisiúnta a dhéanfar iniúchtaí cánach agus réitigh díospóide i gcónaí. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé gur ghá iniúchtaí a dhéanamh go comhpháirteach faoin gcreat reachtach atá ann cheana. I gcás gach grúpa BEFIT beidh 'foireann BEFIT' ann freisin, lena gcruinneofar le chéile ionadaithe de gach údarás fioscach ábhartha ó na Ballstáit ina n-oibríonn an grúpa chun faisnéis a chomhroinnt agus chun gníomhaíochtaí a chomhordú.

2.10. Ag seo a deirtear sa togra ón gCoimisiún ina thaobh: 'Chun a áirithiú go gcuirtear rialacha an chreata chomhchoitinn chun feidhme agus go bhforfheidhmítear iad i gceart, ba cheart do na Ballstáit rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme, maidir le sáruithe ar na forálacha náisiúnta a ghlactar de bhun na Treorach seo, a leagan síos. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.'

2.11. Tá rialacha spriocdhírithe sa togra ón gCoimisiún freisin arb é is aidhm dóibh na rialacha maidir le praghsáil aistrithe laistigh den Aontas a chomhchuibhiú, rud a áiritheoidh cur chuige comhchoiteann lenar féidir díriú ar na saincheisteanna criticiúla a bhaineann le praghsáil aistrithe is minice a thagann i gceist arís agus arís eile.

2.12. Is é is aidhm do na rialacha nua maidir le praghsáil aistrithe creat comhchoiteann a thabhairt isteach san Aontas chun prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a chur i bhfeidhm. Déanfar an cuspóir sin a shaothrú tríd an méid a leanas a dhéanamh: (i) prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a ionchorprú i ndlí an Aontais; (ii) na príomhrialacha maidir le praghsáil aistrithe a chomhchuibhiú; (iii) ról agus stádas Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe a shoiléiriú; agus (iv) an deis a chruthú chun rialacha ceangailteacha comhchoiteanna a bhunú – laistigh den Aontas – maidir le hábhair shonracha a bhaineann le praghsáil aistrithe faoi chuimsiú Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe.

2.13. Leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Praghsáil Aistrithe, dearbhaítear príomhghnéithe na hanailíse de réir Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe (teorannú na n-idirbheart iarbhír a rinneadh, anailís inchomparáideachta, modhanna aitheanta ECFE maidir le praghsáil aistrithe) agus soiléirítear conas ba cheart na sásraí chun coigeartuithe a dhéanamh a chur i bhfeidhm laistigh den Aontas chun cánachas dúbailte a chosc.

## 3. **Barúlacha ginearálta agus barúlacha sonracha**

3.1. Molann CESE na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún creat comhchoiteann don cháin chorparáide a fhorbairt chun tacú leis an margadh inmheánach, smaoineamh a bhí ina chuid de stair an Aontais ó chonacthas a chéaduair é i ndoiciméid bheartais Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa chomh fada siar leis na 1960idí. Tá an cuspóir uaillmhianach sin á shaothrú uair amháin eile le togra BEFIT.

3.2. Tugann CESE dá aire nár thángthas ar chomhdhearcadh polaitiúil sa Chomhairle i dtaca leis na hiarrachtaí is déanaí ón gCoimisiún chun comhbhonn cánach a fhorbairt ar fud an Aontais (i dtograí CCCTB, 2011 agus CCTB, 2016). Cuireadh an taithí roimhe seo san áireamh, ó thaobh na polaitíochta agus ón taobh teicniúil de araon, agus an togra reachtach seo á chur síos. Cuireadh san áireamh sa téacs a tháinig as, freisin, na forbairtí ba dhéanaí i réimse na cánach ó thaobh an domhandaithe agus na digiteála de.

3.3. Is mór ag CESE go ndearna an Coimisiún comhairliúchán poiblí sular fhoilsigh sé téacs críochnaitheach BEFIT. Ar an iomlán, fuair na comhairliúcháin 123 fhreagra ó chomhlachais gnólachtaí, ó chomhairleoirí cánach agus ó dhlíodóirí. Áiríodh ar na freagróirí freisin saoránaigh agus gnólachtaí (idir bheag agus mhór) chomh maith le lucht léinn agus institiúidí taighde, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ceardchumainn.

3.4. Aontaíonn CESE leis an gCoimisiún go bhfuil togra BEFIT i gcomhréir le roinnt tionscnaimh reachtacha eile a rinneadh le déanaí i réimse an chánachais, mar shampla an Treoir maidir le Comhar Riaracháin. Go deimhin, d'fhéadfadh sé go rachadh an comhar atá ann cheana agus an comhar atá ag fás i measc údaráis chánach náisiúnta chun sochair mhóir do chóras riaracháin BEFIT atá á shaothrú ag an gCoimisiún.

3.5. Tacaíonn CESE leis an gcinneadh ón gCoimisiún BEFIT a mholadh trí bhíthin treoir ón Aontas Eorpach, ós rud é gur ilroinnt agus neamhréireachtaí a thagann as lear mór rialacha náisiúnta éagsúla a bheith i bhfeidhm, mar atá faoi láthair. Is amhlaidh a chuireann sin bac ar chuideachtaí gníomhaíochtaí trasteorann a dhéanamh i ngeall ar na costais arda nach foláir dóibh a ghlanadh chun creataí dlíthiúla éagsúla a chomhlíonadh. Is féidir go dtiocfaidh neamhréireanna chun cinn freisin toisc a dhifriúla atá cur chun feidhme an chórais ó Bhallstát go chéile, rud ba chúis, seans, le gan dóthain cánachais a dhéanamh, ar thaobh amháin, nó le cánachas iomadúil a dhéanamh ar an mbrabús céanna, ar an taobh eile. Dá bhrí sin, is fearr mar a oireann tionscnamh reachtach de chuid an Aontais agus is éifeachtúla é seachas iliomad idirghabhálacha náisiúnta (prionsabal na coimhdeachta).

3.6. Tá CESE ag teacht leis an gCoimisiún faoi go bhféadfadh an comhaontú maidir le Colún a Dó de Chreat Cuimsitheach ECFE/G20, arna fhormhuiniú ag na Ballstáit ([2]), rannchuidiú chun creat dlíthiúil comhchoiteann a bhaint amach maidir le cánachas corparáideach sa mhargadh inmheánach. D'fhonn BEFIT a shimpliú agus na costais lena mbaineann a laghdú, ba cheart é a chur i gcomhréir le rialacha ECFE le haghaidh Cholún a Dó. Mar sin féin, ceanglaíonn BEFIT ar cháiníocóirí cuntais airgeadais a tharraingt suas de réir caighdeán cuntasaíochta atá i gcomhréir le dlí an Aontais ([3]) (e.g. prionsabail chuntasaíochta náisiúnta a bhfuil glactha leo go ginearálta nó Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais).

([2]) Ghlac na Ballstáit d'aon toil *Treoir Cholún a Dó maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas Eorpach* i mí na Nollag 2021.

([3]) Ba cheart don Choimisiún aird faoi leith a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag BEFIT ar chorparáidí a chomhdhlúthaíonn a mbonn cánach ag tarraingt dóibh ar na prionsabail chuntasaíochta réamhráite is infheidhme i dtír nach bhfuil san Aontas.

3.7. Tugann CESE dá aire go bhfágfaidh BEFIT go mbeidh trí shraith de rialacha éagsúla i bhfeidhm in éineacht: an creat náisiúnta um ioncam intíre a chinneadh, córas Cholún 2 agus córas BEFIT. Nuair is gabhlánach don chreat, is baol go gcuirfear ualach trom ar na Ballstáit bheaga, d'ainneoin acmhainneacht riaracháin an-teoranta a bheith acu, go háirithe nuair is i mBallstát beag atá ceanncheathrú grúpa mhóir lonnaithe.

3.8. Cé go bhfuil coigeartuithe BEFIT ar na cuntais airgeadais níos teoranta ná a bhfuil de choigeartuithe i gColún a Dó, tugann CESE faoi deara nach ann do rialacha speisialta ná do dhreasachtaí speisialta le haghaidh gníomhaíochtaí nuálaíochta ná tionscail shonracha. Cuir i gcás, ní léir go fóill an gcoinneofar na scéimeanna nuálaíochta agus na ticbhoscaí paitinní a bhíonn á gcur ar fáil ag cuid de na Ballstáit, rud a d'fhéadfadh buntáiste iomaíoch an Aontais a laghdú.

3.9. Tugann CESE dá aire, de bhun Airteagal 48(2) de thogra BEFIT ([4]), go mbeidh na Ballstáit i dteideal méaduithe ar a mbonn cánach, asbhaintí cánach nó dreasachtaí cánach a chur leis na codanna a leithdháiltear orthu, rud ba chúis, seans, le cánachas difreáilte a dhéanamh ar bhrabúis chorparáideacha laistigh de na Ballstáit éagsúla. Siúd is go n-aithníonn CESE a thairbhí atá sé scóip áirithe ionramhála a thabhairt do na Ballstáit, d'fhéadfadh an tsolúbthacht bhreise sin an bonn a bhaint de na cuspóirí simpliúcháin atá á gcur chun cinn le togra BEFIT.

3.10. Má táthar le caillteanais trasteorann i ngrúpa BEFIT a fhritháireamh, creideann CESE go mbeidh soiléiriú ag teastáil i leith (i) srianta ama maidir le caillteanais a thabhairt ar aghaidh nó a thabhairt siar agus (ii) cómhaireachtáil le Colún a Dó. Trí chomhiomlánú, ceadófar le BEFIT caillteanais trasteorann i mBallstát amháin a fhritháireamh in aghaidh brabús i mBallstát eile, ach d'fhéadfadh sé sin teacht salach ar cháin bhreisiúcháin faoi Cholún a Dó chun cánachas íosta éifeachtach 15 % a áirithiú.

3.11. Tugann CESE dá aire go bhféadfadh na húdaráis fhioscacha sonraí pearsanta (cuir i gcás, faisnéis faoi leasanna úinéireachta i ngrúpa BEFIT) a phróiseáil d'fhonn Caibidil IV den togra a chur i bhfeidhm, agus d'fhonn ábhar thuairisceán faisnéise BEFIT a scrúdú agus teacht ar chomhdhearcadh ina leith, mar aon le tuairisceáin chánach daoine aonair a phróiseáil agus a mheasúnú de bhun Chaibidil V. Is é moladh CESE maidir le próiseáil sonraí a bhaineann le creat BEFIT go ndéanfar i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le 'íoslaghdú sonraí' í, mar atá leagtha síos in RGCS, agus an bailiú faisnéise pearsanta a theorannú dá bhfuil ábhartha agus riachtanach chun cuspóirí sonracha thogra BEFIT a bhaint amach, agus nach ndéanfar na sonraí a choinneáil ach amháin ar feadh na tréimhse is lú is gá chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh.

3.12. Tá CESE ar cóimheon leis an gCoimisiún gur gá coincheapa agus saincheisteanna éagsúla a bhaineann leis an reachtaíocht maidir le praghsáil aistrithe a thabhairt chun soiléire, rud a d'fhágfadh go mbeadh an creat dlíthiúil ní ba chinnte agus ní b'intuartha. Ar an gcuma sin, d'fhéadfaí na costais chomhlíontachta a chuirtear ar FBManna ina ngníomhaíochtaí laethúla a laghdú agus d'fhéadfaí na costais nós imeachta agus dlíthíochta a chuirtear ar líon nach beag fiontar go bliantúil a laghdú freisin. I ndáil leis sin, is fiú a thabhairt faoi deara go bhféadfaí roinnt de chuspóirí an togra ón gCoimisiún a bhaint amach anuas air sin, b'fhéidir, dá mbeadh feabhas curtha ar an Treoir maidir le sásraí um réiteach díospóidí cánach. Ní fios fós conas a dhéileálfaidh dlínsí móra eile i dtríú tíortha le cur chuige nua an Aontais i leith rialacha maidir le praghsáil aistrithe.

3.13. Pé ní ina thaobh sin, creideann CESE go mba chuidiú é an Fóram Comhpháirteach maidir le Praghsáil Aistrithe a bhunú athuair d'fhonn plé oscailte a éascú ar conas is féidir díospóidí maidir le praghsáil aistrithe a réiteach laistigh den Aontas ar an mbealach is fearr, ós amhlaidh atá gá leis-sean.

3.14. Tá CESE ar aon intinn leis an gCoimisiún go bhféadfadh meastóireacht ar chur chun feidhme na Treorach cúig bliana tar éis a teacht i bhfeidhm a bheith úsáideach agus go mba chuidiú í chun an t-am agus an cúnamh riachtanach a thabhairt do na Ballstáit chun an creat nua a chur chun feidhme mar is ceart agus an creat reachtach a mhodhnú más gá. I ndáil leis sin, ba ríthábhachtach go n-oibreodh na Ballstáit i gcomhar le chéile agus go ndéanfaidís faisnéis maidir le feidhmiú an chórais san am atá romhainn a roinnt le chéile.

3.15. Is cosúil go bhfuil an ghníomhaíocht faireacháin atá beartaithe ag an gCoimisiún maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht BEFIT úsáideach freisin agus beidh baint aici le cur chun feidhme BEFIT agus na costais oibriúcháin tosaigh a bhaineann leis, le líon na ngrúpaí cuideachtaí a thagann faoi raon feidhme éigeantach an togra agus le líon na gcuideachtaí a roghnaíonn a bheith páirteach ann dá ndeoin féin. Beidh baint aici freisin le héabhlóid na gcostas comhlíontachta agus le líon na ndíospóidí cánachais dhúbailte.

([4]) Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 48(2) den togra: 'Anuas ar na coigeartuithe a liostaítear i mír 1, féadfaidh Ballstát foráil a dhéanamh, trí mhíreanna breise, do mhéadú nó laghdú na coda leithdháilte de chomhaltaí de ghrúpa BEFIT a bhfuil cónaí orthu chun críoch cánach nó atá suite i bhfoirm buanbhunaíochta sa Bhallstát sin.'

3.16. Cuireann CESE chun suntais a thábhachtaí atá sé measúnú cúramach a dhéanamh ar na costais chomhlíontachta agus na hualaí riaracháin a chuirtear ar na cuideachtaí uile lena mbaineann, ionas go dtuigfear cá tairbhe do ghnólachtaí ar fud na hEorpa i ndáiríre an creat nua seo.

3.17. Tugann CESE dá aire go measann an Coimisiún go bhfuil BEFIT 'ábhartha [freisin] ó thaobh acmhainní dílse de, mar a leagtar amach i dTeachtaireacht 2021 maidir leis an gcéad ghlúin eile d'acmhainní dílse le haghaidh bhuiséad an Aontais'. Mar sin féin, mar gheall ar an bpróiseas reachtach fada agus éiginnte atá le cur de ag togra BEFIT, is deacair a mheas cá mhéad acmhainn a bheidh ar fáil le haghaidh chaibidlí na n-acmhainní dílse, agus cén uair a chuirfear na hacmhainní breise sin ar fáil.

3.18. Chun comhordú iomchuí a áirithiú idir BEFIT agus na rialacha sonracha náisiúnta cánach is infheidhme i gcuid de na Ballstáit maidir le heintitis an gheilleagair shóisialta (cuir i gcás comharchumainn agus fiontair shóisialta), tá CESE ag iarraidh go n-aithneodh BEFIT gur ann do rialacha fioscacha tiomnaithe den sórt sin. Sampla amháin is cás linn anseo is ea in-asbhainteacht na mbrabús arna dtaisceadh ag comharchumainn agus ag grúpaí comharchumainn mar chúlchistí nach féidir a dháileadh ar chomhaltaí le linn don chuideachta a bheith ag oibriú nó fiú tar éis í a dhíscaoileadh. Sampla léiritheach eile is ea in-asbhainteacht na sochar nó na ndíbhinní a dháileann comharchumainn ar a gcomhaltaí de réir an chaidrimh fhrithpháirtigh a bhíonn acu ar a chéile. Ba chur chuige é sin a bheadh ag teacht leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 (an Plean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta) agus leis an Moladh ón gComhairle an 27 Samhain 2023, uimh. 1344 (Moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí don gheilleagar sóisialta a fhorbairt).

An Bhruiséil, 24 Aibreán 2024.

*An tUachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Oliver RÖPKE